

Fadhbanna sa chóras iompair

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fhadhbanna sa chóras iompair. Sula bhféachann tú ar an mír, cuir féin agus an duine in aice leat Gaeilge ar na teidil seo a leanas:

- *Irish Rail*
- *National Bus and Rail Union*
- *The Labour Court*
- *Workplace Relations Commission*



Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- *employees of the company*
- *striking*
- *Trade Unions' campaign*
- *suffering from loss*
- *they have no choice*
- *set to negotiating*
- *the opposition*
- *sufficiently active*
- *industrial disputes*
- *as a crowning misfortune*

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna a leanas:

1. Cén fáth a bhfuil fostaithe Iarnród Éireann ag dul ar stailc?
2. Cad a deir bainistíocht Iarnród Éireann faoin scéal?
3. Cad a d'iarr an Taoiseach ar na páirtithe a bhfuil baint acu leis an aighneas a dhéanamh?
4. Cad a dúirt Micheál Martin?
5. An bhfuil stailceanna eile beartaithe?

Ceist 4 **A.** Éist leis an mír arís, agus breac síos na samplaí a chloiseann tú inti den aimsir chaite.

B. Bain úsáid as na briathra sa tábla thíos chun na rialacha a bhaineann leis an aimsir chaite a léiriú. Tá sampla amháin déanta duit.

	An Aimsir Chaite
iarr	d'iarr mé d'iarr tú d'iarr sé d'iarr sí d'iarramar d'iarr sibh d'iarr siad Ar iarr sé...? D'iarr. / Níor iarr. Saorbhriathar: iarradh Ar iarradh...? Iarradh. / Níor iarradh.
fág	
bunaigh	
seas	

Ceist 5 '...go ceann trí bliana...'

go ceann **ceithre mhí**
ach
go ceann **míosa**

Nuair a leanann ainmfhocal aonair **go ceann**, is sa tuiséal ginideach a bhíonn sé. Ach nuair a leanann uimhir agus ainmfhocal **go ceann** ní bhíonn an t-ainmfhocal sa tuiséal ginideach. Féach ar na samplaí eile thíos.

ar feadh **lae**, ach, ar feadh **sé lá**
i gceann **míosa**, ach, i gceann **cúig mhí**

Cuir Gaeilge ar na habairtí thíos anois:

1. I stayed in Cork for a fortnight.
2. I was there for six years.
3. I'll see you in a week's time.
4. We'll have this teacher for a year.
5. I'm going to France in a week for three weeks.
6. He was missing for four years.
7. The team will be training for eight months.

Ceist 6

Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An mbaineann tú féin úsáid as an gcóras iompair phoiblí?
2. Ar cheart d'fhostaithe dul ar stailc, má cheapann siad go bhfuil éagóir á déanamh orthu, dar leat? Cén fáth?
3. Ar ghlac tú féin páirt in aon agóid phoiblí riamh? Cad a bhí ann?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Irish Rail – *Iarnród Éireann*

National Bus and Rail Union – *Ceardchumann Náisiúnta na nOibrithe Bus agus Iarnróid*

The Labour Court – *An Chúirt Oibreachais*

Workplace Relations Commission – *An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre*

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé leis na foghlaimeoirí tar éis dóibh féachaint ar an mír uair amháin.

employees of the company – fostaithe an chomhlachta

striking – ag dul i mbun stailce

Trade Unions' campaign – feachtas na gceardchumann

suffering from loss – ag fulaingt le caillteanas

they have no choice – níl an dara rogha acu

set to negotiating – dul i mbun idirbheartaíochta

opposition – freasúra

sufficiently active – sách gníomhach

industrial disputes – aighnis thionsclaíochta

as a crowning misfortune – mar bharr ar an donas

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

A d'iarr, bhí, ní raibh, a dúradh, d'iarr, bhí, dúirt, nach raibh, fágadh

<p>B d'iarr mé d'iarr tú d'iarr sé d'iarr sí d'iarramar d'iarr sibh d'iarr siad</p> <p>Ar iarr sé...? D'iarr. / Níor iarr.</p> <p>Saorbhriathar: iarradh</p> <p>Ar iarradh...? Iarradh. Níor iarradh.</p>	<p>d'fhág mé d'fhág tú d'fhág sé d'fhág sí d'fhágamar d'fhág sibh d'fhág siad</p> <p>Ar fhág sí...? D'fhág. / Níor fhág.</p> <p>Saorbhriathar: fágadh</p> <p>Ar fágadh...? Fágadh. / Níor fágadh.</p>
<p>bhunaigh mé bhunaigh tú bhunaigh sé bhunaigh sí bhunaíomar bhunaigh sibh bhunaigh siad</p> <p>Ar bhunaigh siad...? Bhunaigh. / Níor bhunaigh.</p> <p>Saorbhriathar: bunaíodh</p> <p>Ar bunaíodh...? Bunaíodh. / Níor bunaíodh.</p>	<p>sheas mé sheas tú sheas sé sheas sí sheasamar sheas sibh sheas siad</p> <p>Ar sheas tú...? Sheas. / Níor sheas.</p> <p>Saorbhriathar: seasadh</p> <p>Ar seasadh...? Seasadh. / Níor seasadh.</p>

Ceist 5

1. D'fhan me i gCorcaigh ar feadh coicise.
2. Bhí mé ansin ar feadh sé bliana.
3. Feicfidh mé tú i gceann seachtaine.
4. Beidh an múinteoir seo againn go ceann bliana.
5. Beidh mé ag dul chun na Fraince i gceann seachtaine ar feadh trí seachtaine.
6. Bhí sé ar iarraidh ar feadh ceithre bliana.
7. Beidh an fhoireann ag traenáil ar feadh ocht mí.

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Bhur gcéad fáilte ar ais. Sa Dáil inniu, d'iarr an Taoiseach ar an dá thaobh san aighneas atá ar bun in Iarnród Éireann teacht ar réiteach tríd an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre nó tríd an gCúirt Oibreachais. Bhí fostaithe an chomhlachta i mbun stailce arís inniu, an dara lá acu.

Séamus Ó Scanláin

Ní raibh aon seirbhísí traenach sa bpríomhchathair¹ ar maidin ná in aon áit eile fud fad na tíre – an dara stailc, ceithre huaire fichead, ó thús na míosa seo ar bun ag oibríthe in Iarnród Éireann. Tá seo ar fad ar mhaithe le feachtas na gceardchumann sa gcomhlacht², ardú pá de bhreis is trí go leith faoin gcéad a fháil do na fostaithe. Deir bainistíocht Iarnród Éireann áfach, go gcosnódh sé 43 milliún euro ar an gcomhlacht, as seo go ceann trí bliana – costas a dúradh nach bhféadfadh sé a sheasamh.

Deir sé go bhfuil an comhlacht ag fulaingt le cailteanas mar atá sé. Deir an NBRU³ agus ceardchumann eile, nach bhfuil an dara rogha acu ach dul i mbun aighnis. D'iarr an Taoiseach, Leo Varadkar, ar an dá thaobh dul i mbun idirbheartaíochta agus bealach éigin a lorg chun an t-aighneas seo a réiteach. Bhí ráiteas den chineál céanna ón Aire Iompair, Shane Ross, fear atá cáinte áfach ag an bhfreasúra maidir leis an mbealach, dar leo, a bhfuil an t-aighneas seo láimhseáilte aige. Dúirt ceannaire Fhianna Fáil, Micheál Martin, nach raibh an tAire Ross sách gníomhach ar cheisteanna maidir le haighnis thionsclaíocha sa rannóg iompair.

Ach an oiread le Dé Céadaoin seo caite, fágadh suas le céad caoga míle duine d'uireasa na seirbhíse traenach, agus iad ag iarraidh a mbealach a dhéanamh slí éigint eile. Mar bharr ar an donas, tá trí lá iomlána eile stailc traenach á mbeartú. An chéad cheann eile seachtain ón⁴ lá inniu, ar an lá céanna a bhfuil an cluiche mór idirnáisiúnta sacair á imirt i mBaile Átha Cliath.

Séamus Ó Scanláin, Nuacht TG4.

¹ Córas Chonnacht

² Córas Chonnacht

³ Ceardchumann Náisiúnta na nOibríthe Bus agus Iarnróid

⁴ *seachtain is an lá inniu* a dúradh.

seachtain is an lá inniu = this day a week ago

seachtain ón lá inniu = this day week